# CONRADH AR CHOBHSAÍOCHT, AR CHOMHORDÚ AGUS AR RIALACHAS SAN AONTAS EACNAMAÍOCH AGUS AIRGEADAÍOCHTA IDIR

RÍOCHT NA BEILGE, POBLACHT NA BULGÁIRE,
RÍOCHT NA DANMHAIRGE, POBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE,
POBLACHT NA hEASTÓINE, ÉIRE, AN PHOBLACHT HEILLÉANACH,
RÍOCHT NA SPÁINNE, POBLACHT NA FRAINCE,
POBLACHT NA hIODÁILE, POBLACHT NA CIPIRE, POBLACHT NA LAITVIA,
POBLACHT NA LIOTUÁINE, ARD-DIÚCACHT LUCSAMBURG, AN UNGÁIR,
MÁLTA, RÍOCHT NA hÍSILTÍRE, POBLACHT NA hOSTAIRE,
POBLACHT NA POLAINNE, POBLACHT NA PORTAINGÉILE, AN RÓMÁIN,
POBLACHT NA SLÓIVÉINE, POBLACHT NA SLÓVAICE,
POBLACHT NA FIONLAINNE AGUS RÍOCHT NA SUALAINNE

TÁ RÍOCHT NA BEILGE, POBLACHT NA BULGÁIRE, RÍOCHT NA DANMHAIRGE, POBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE, POBLACHT NA hEASTÓINE, ÉIRE, AN PHOBLACHT HEILLÉANACH, RÍOCHT NA SPÁINNE, POBLACHT NA FRAINCE, POBLACHT NA hIODÁILE, POBLACHT NA CIPIRE, POBLACHT NA LAITVIA, POBLACHT NA LIOTUÁINE, ARD-DIÚCACHT LUCSAMBURG, AN UNGÁIR, MÁLTA, RÍOCHT NA hÍSILTÍRE, POBLACHT NA hOSTAIRE, POBLACHT NA POLAINNE, POBLACHT NA PORTAINGÉILE, AN RÓMÁIN, POBLACHT NA SLÓIVÉINE, POBLACHT NA SLÓVAICE, POBLACHT NA FIONLAINNE AGUS RÍOCHT NA SUALAINNE,

dá ngairtear "na Páirtithe Conarthacha" anseo feasta;

ÓS FEASACH DÓIBH a n-oibleagáid, mar Bhallstáit den Aontas Eorpach, a mbeartais eacnamaíocha a mheas mar ábhar leasa choitinn;

ÓS MIAN LEO dálaí a chur chun cinn d'fhás eacnamaíoch níos láidre san Aontas Eorpach agus, chuige sin, comhordú níos dlúithe fós ar bheartais eacnamaíocha sa limistéar euro a fhorbairt;

AG MEABHRÚ DÓIBH go bhfuil tábhacht fhíor-riachtanach leis an ngá atá ann go ndéanfaidh rialtais airgeadas poiblí fónta agus inbhuanaithe a chothabháil agus cosc a chur ar easnamh rialtais ghinearálta d’éirí iomarcach chun cobhsaíocht an limistéir euro ina iomláine a choimirciú agus nach mór, dá réir sin, rialacha sonracha a thabhairt isteach, lena n-áirítear “riail an bhuiséid chomhardaithe” agus sásra uathoibríoch chun gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh;

ÓS FEASACH DÓIBH an gá atá ann a áirithiú nach dtéann a n-easnamh rialtais ghinearálta thar 3 % dá n-olltáirgeacht intíre ag praghsanna an mhargaidh agus nach dtéann a bhfiachas rialtais ghinearálta thar 60%, nó go bhfuil sé ag laghdú go leordhóthanach i dtreo 60 %, dá n-olltáirgeacht intíre ag praghsanna an mhargaidh;

AG MEABHRÚ DÓIBH, go bhfuil na Stáit Chonarthacha, mar Bhallstáit den Aontas Eorpach, le staonadh ó aon bheart a d'fhéadfadh gnóthú chuspóirí an Aontais faoi chuimsiú an aontais eacnamaíoch a chur i gcontúirt, go háirithe an cleachtas trína ndéantar fiachas a charnadh lasmuigh de na cuntais rialtais ghinearálta;

AG MEABHRÚ DÓIBH gur chomhaontaigh Ceannairí Stáit nó Rialtais Bhallstáit an limistéir euro an 9 Nollaig 2011 ar ollstruchtúr athneartaithe don aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta, lena gcuirfear leis na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe agus lena n-éascófar cur chun feidhme na mbeart a rinneadh ar bhonn Airteagal 121, Airteagal 126 agus Airteagal 136 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

AG MEABHRÚ DÓIBH go bhfuil sé mar chuspóir ag Ceannairí Stáit nó Rialtais Bhallstáit an limistéir euro agus Ballstát eile den Aontas Eorpach forálacha an Chonartha seo a chorprú a luaithe is féidir sna Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe;

AG FÁILTIÚ DÓIBH roimh na tograí reachtacha a rinne an Coimisiún Eorpach don limistéar euro faoi chuimsiú na gConarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, an 23 Samhain 2011, maidir le neartú ar an bhfaireachas eacnamaíoch agus buiséadach ar Bhallstáit a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha acu nó a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag bagairt orthu i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais, agus maidir le forálacha comhchoiteanna chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar dhréachtphleananna buiséadacha, agus chun easnamh iomarcach na mBallstát a cheartú, agus AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH go bhfuil sé mar rún ag an gCoimisiún Eorpach tuilleadh tograí reachtacha don limistéar euro a thíolacadh, ar tograí iad a bhaineann, go háirithe, le tuairisciú *ex ante* maidir le pleananna eisiúna fiachais, cláir comhpháirtíochta eacnamaíche ina sonraítear athchóirithe struchtúracha do Bhallstáit atá faoi nós imeachta um easnamh iomarcach, agus comhordú ar mhórphleananna athchóirithe Ballstát i ndáil le beartas eacnamaíoch;

AG CUR IN IÚL DÓIBH go bhfuil siad ullamh chun tacú le tograí a d'fhéadfadh an Coimisiún Eorpach a thíolacadh chun an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis a neartú tuilleadh trí réimse nua a thabhairt isteach maidir le cuspóirí meántéarmacha do Bhallstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu, i gcomhréir leis na teorainneacha a bhunaítear sa Chonradh seo;

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH, agus na gealltanais bhuiséadacha á n-athbhreithniú agus faireachán á dhéanamh orthu faoin gConradh seo aige, go ngníomhóidh an Coimisiún Eorpach faoi chuimsiú na gcumhachtaí atá aige agus dá bhforáiltear leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagal 121, Airteagal 126 agus Airteagal 136 den Chonradh sin;

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH go háirithe, i ndáil le "riail an bhuiséid chomhardaithe" a leagtar amach in Airteagal 3 den Chonradh seo a chur i bhfeidhm, go ndéanfar an faireachán sin trí chuspóirí meántéarmacha tír-shonracha a chur ar bun le haghaidh gach Páirtí Chonarthaigh agus trí fhéilirí um chóineasú a chur ar bun le haghaidh gach Páirtí Chonarthaigh, de réir mar is cuí;

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH gur cheart na cuspóirí meántéarmacha a thabhairt cothrom le dáta go rialta ar bhonn modha chomhaontaithe, a bhfuil a phríomhpharaiméadair le hathbhreithniú go rialta freisin, ionas go léireofar go cuí priacail na ndliteanas sainráite agus intuigthe don airgeadas poiblí, mar atá sonraithe in aidhmeanna an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis.

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH gur cheart meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn leordhóthanach i dtreo na gcuspóirí meántéarmacha ar bhonn measúnú foriomlán agus an comhardú struchtúrach mar thagairt ina leith, lena n-áirítear anailís ar chaiteachas glan ó bhearta lánroghnacha ioncaim, i gcomhréir leis na forálacha atá sonraithe faoi dhlí an Aontais Eorpaigh, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus leis an bhfaireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú, a neartú, arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 1175/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 ("an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis athbhreithnithe");

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH gurbh é ba cheart a bheith d'aidhm leis an sásra ceartúcháin a thabharfaidh na Páirtithe Conarthacha isteach aon dialltaí ón gcuspóir meántéarmach nó ó chonair an choigeartaithe, lena n-áirítear a dtionchar carnaithe ar dhinimic fhiachas na rialtas, a cheartú;

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH maidir le comhlíonadh oibleagáid na bPáirtithe Conarthacha chun "riail an bhuiséid chomhardaithe" a thrasuí ina gcórais dlí náisiúnta, trí fhorálacha ceangailteacha buana ar forálacha bunreachtúla iad de rogha, gur cheart go mbeadh sé faoi réir dhlínse Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, de réir Airteagal 273 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

AG MEABHRÚ DÓIBH go ndéantar, le hAirteagal 260 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a chumhachtú do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh cnapshuim nó íocaíocht phionósach a ghearradh ar Bhallstát den Aontas Eorpach, ar Ballstát é a mhainnigh ceann dá breithiúnais a chomhlíonadh agus AG MEABHRÚ DÓIBH go bhfuil critéir bunaithe ag an gCoimisiún Eorpach chun an chnapshuim nó an íocaíocht phionósach atá le gearradh faoi chuimsiú an Airteagail sin a chinneadh;

AG MEABHRÚ DÓIBH go bhfuil gá ann glacadh beart a éascú faoi nós imeachta um easnamh iomarcach an Aontais Eorpaigh i ndáil le Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu agus gur mó ná 3 % an cóimheas acu idir an t-easnamh rialtais ghinearálta pleanáilte nó iarbhír agus an olltáirgeacht intíre, agus cuspóir an nóis imeachta sin á athneartú go láidir ag an am céanna, eadhon, Ballstát a spreagadh, nó iallach a chur air, más gá, easnamh a shainaithneofaí, a laghdú;

AG MEABHRÚ DÓIBH go bhfuil oibleagáid ann do na Páirtithe Conarthacha sin ar mó ná 60 % den luach tagartha a bhfiachas rialtais ghinearálta é a laghdú de réir meánráta aon fhichiú in aghaidh na bliana mar thagarmharc;

AG MEABHRÚ DÓIBH go bhfuil gá ann, i gcur chun feidhme an Chonartha seo, ról sonrach na gcomhpháirtithe sóisialta a urramú, mar a aithnítear é i ndlíthe agus i gcórais náisiúnta gach ceann de na Páirtithe Conarthacha;

AG CUR IN IÚL DÓIBH GO LÁIDIR nach bhfuil aon cheann d'fhorálacha an Chonartha seo le léiriú mar ní lena n-athraítear ar chaoi ar bith na coinníollacha maidir le beartas eacnamaíoch faoinar deonaíodh cúnamh airgeadais do Pháirtí Conarthach i gclár cobhsaíochta a bhfuil an tAontas Eorpach, a Bhallstáit nó an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta rannpháirteach ann;

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH gur gá, ar mhaithe le feidhmiú cuí an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta, go n-oibreoidh na Páirtithe Conarthacha i gcomhpháirt i dtreo beartais eacnamaíoch, ar beartas é faoina ndéanfaidh siad na gníomhaíochtaí agus na bearta is gá sna réimsí uile atá fíor-riachtanach d'fheidhmiú cuí an limistéir euro, agus san am céanna iad ag cur leis na sásraí comhordaithe ar an mbeartas eacnamaíoch mar atá sainmhínithe sna Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe;

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH, go háirithe, gur mian leis na Páirtithe Conarthacha leas níos gníomhaí a bhaint as an gcomhar feabhsaithe, dá bhforáiltear in Airteagal 20 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus in Airteagal 326 go hAirteagal 334 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, gan an bonn a bhaint den mhargadh inmheánach, agus gur mian leo dul ar iontaoibh iomlán beart is sonrach do na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu de bhun Airteagal 136 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus ar iontaoibh nóis imeachta lena ndéanfaidh na Páirtithe Conarthacha a bhfuil an euro mar airgeadra acu plé *ex ante* agus comhordú ar na mór-athchóirithe beartais eacnamaíoch uile atá pleanáilte acu, d'fhonn na dea-chleachtais a thagarmharcáil;

AG MEABHRÚ DÓIBH go ndearna Ceannairí Stáit nó Rialtais Bhallstáit an limistéir euro comhaontú, an 26 Deireadh Fómhair 2011, chun rialachas an limistéir euro a fheabhsú, lena n-áirítear dhá Chruinniú Mullaigh Euro ar a laghad a reáchtáil in aghaidh na bliana, ar cruinnithe iad a chomórfar, mura bhfuil údar maith leis an méid sin mar gheall ar imthosca eisceachtúla, díreach i ndiaidh cruinnithe den Chomhairle Eorpach nó cruinnithe ina mbeidh na Páirtithe Conarthacha uile, ar páirtithe iad a mbeidh an Conradh seo daingnithe acu, rannpháirteach;

AG MEABHRÚ DÓIBH freisin go ndearna Ceannairí Stáit nó Rialtais Bhallstáit an limistéir euro agus Ballstát eile den Aontas Eorpach formhuiniú, an 25 Márta 2011, ar an gComhshocrú Euro Plus, ina sainaithnítear na saincheisteanna atá fíor-riachtanach chun an t-iomaíochas sa limistéar euro a chothú;

AG CUR IN IÚL GO LÁIDIR DÓIBH a thábhachtaí atá an Conradh lena mbunaítear an Sásra Cobhsaíochta Eorpach mar ghné den straitéis fhoriomlán chun an t-aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta a neartú agus AG CUR I bhFIOS DÓIBH go mbeidh deonú cúnaimh airgeadais faoi chuimsiú na gclár nua faoin Sásra Cobhsaíochta Eorpach, amhail ón 1 Márta 2013, coinníollach ar dhaingniú an Chonartha seo ag an bPáirtí Conarthach lena mbaineann agus, a luaithe is a bheidh an tréimhse trasuímh dá dtagraítear in Airteagal 3(2) den Chonradh seo dulta in éag, ar chomhlíonadh na gceanglas san Airteagal sin;

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH gur Páirtithe Conarthacha a bhfuil an euro mar airgeadra acu Ríocht na Beilge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hEastóine, Éire, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Málta, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Portaingéile, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice agus Poblacht na Fionlainne agus go mbeidh siad, sa cháil sin, faoi cheangal leis an gConradh seo ón gcéad lá den mhí tar éis dóibh a n-ionstraim daingniúcháin a thaisceadh más rud é go bhfuil an Conradh i bhfeidhm ar an dáta sin;

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH FREISIN gur Páirtithe Conarthacha a bhfuil, mar Bhallstáit den Aontas Eorpach, maolú nó díolúine acu ó rannpháirteachas san airgeadra aonair, ar dháta sínithe an Chonartha seo, Poblacht na Bulgáire, Ríocht na Danmhairge, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, an Ungáir, Poblacht na Polainne, an Rómáin agus Ríocht na Sualainne agus nach mbeidh siad faoi cheangal, fad nach n-aisghairtear an maolú nó an díolúine sin, ach ag na forálacha sin de Theideal III agus Theideal IV den Chonradh seo a ndearbhaíonn siad, agus a n-ionstraim daingniúcháin á taisceadh acu nó ar dháta is déanaí ná sin, go mbeidh siad faoi cheangal acu;

TAR ÉIS COMHAONTÚ AR NA FORÁLACHA SEO A LEANAS:

TEIDEAL I

CUSPÓIR AGUS RAON FEIDHME

AIRTEAGAL 1

1. Leis an gConradh seo, comhaontaíonn na Páirtithe Conarthacha, mar Bhallstáit den Aontas Eorpach, colún eacnamaíoch an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta a neartú trí shraith rialacha a ghlacadh lena mbeartaítear smacht buiséadach a chothú trí chomhaontú buiséadach, comhordú a mbeartas eacnamaíoch a neartú agus rialachas an limistéir euro a fheabhsú, agus tacú ar an gcaoi sin le cuspóirí an Aontais Eorpaigh a bhaint amach maidir leis an bhfás inbhuanaithe, leis an bhfostaíocht, leis an iomaíochas agus leis an gcomhtháthú sóisialta.

2. Beidh feidhm ag an gConradh seo go hiomlán maidir leis na Páirtithe Conarthacha a bhfuil an euro mar airgeadra acu. Beidh feidhm aige freisin maidir leis na Páirtithe Conarthacha eile, a mhéid a leagtar amach in Airteagal 14 agus faoi na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal sin.

TEIDEAL II

COMHSHEASMHACHT LE DLÍ AN AONTAIS
AGUS AN GAOL LEIS

AIRTEAGAL 2

1. Cuirfidh na Páirtithe Conarthacha an Conradh seo i bhfeidhm, agus déanfaidh siad é a léiriú, i gcomhréir leis na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, go háirithe Airteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus le dlí an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear dlí nóis imeachta aon uair is gá reachtaíocht thánaisteach a ghlacadh.

2. Beidh feidhm ag an gConradh seo a mhéid atá sé ag luí leis na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe agus a mhéid atá sé ag luí le dlí an Aontais Eorpaigh. Ní dhéanfaidh sé cúngrú ar inniúlacht an Aontais gníomhú i réimse an aontais eacnamaíoch.

TEIDEAL III

COMHAONTÚ BUISÉADACH

AIRTEAGAL 3

1. Cuirfidh na Páirtithe Conarthacha na rialacha a leagtar amach sa mhír seo i bhfeidhm, de bhreis ar a n-oibleagáidí faoi dhlí an Aontais Eorpaigh agus gan dochar do na hoibleagáidí sin:

(a) beidh riocht buiséadach rialtais ghinearálta Páirtí Chonarthaigh comhardaithe nó beidh barrachas ann;

(b) measfar go mbeidh an riail faoi phointe a) á hurramú má tá comhardú struchtúrach bliantúil an rialtais ghinearálta in ionannas lena chuspóir meántéarmach tír-shonrach mar a shainmhínítear sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis athbhreithnithe é, agus íosteorainn easnaimh struchtúraigh ann arb é 0.5 % den olltáirgeacht intíre ag praghsanna an mhargaidh é. Áiritheoidh na Páirtithe Conarthacha go mbeidh cóineasú tapa ann i dtreo a gcuspóra mheántéarmaigh féin faoi seach. Déanfaidh an Coimisiún Eorpach an creat ama don chóineasú sin a thogradh, agus na priacail thír-shonracha maidir le hinbhuanaitheacht á gcur san áireamh aige. Déanfar meastóireacht ar an dul chun cinn i dtreo an chuspóra mheántéarmaigh, agus ar urramú an chuspóra sin, ar bhonn measúnú foriomlán, agus an comhardú struchtúrach mar thagairt ina leith, lena n-áirítear anailís ar chaiteachas glan ó bhearta lánroghnacha ioncaim, i gcomhréir leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis athbhreithnithe;

(c) féadfaidh na Páirtithe Conarthacha diall go sealadach óna gcuspóir meántéarmach faoi seach nó ó chonair an choigeartaithe i dtreo an chuspóra sin in imthosca eisceachtúla, mar a shainmhínítear i bpointe (b) de mhír 3 iad, agus sna himthosca sin amháin;

(d) i gcás gur lú go suntasach ná 60 % an cóimheas idir an fiachas rialtais ghinearálta agus an olltáirgeacht intíre ag praghsanna an mhargaidh agus i gcás inar priacail ísle na priacail atá ann i dtéarmaí inbhuanaitheacht fhadtéarmach an airgeadais phoiblí, is féidir le híosteorainn an chuspóra mheántéarmaigh a shonraítear faoi phointe (b) easnamh struchtúrach 1.0 % ar a mhéid den olltáirgeacht intíre ag praghsanna an mhargaidh a shroicheadh;

(e) i gcás ina mbreathnófar go bhfuil dialltaí suntasacha ann ón gcuspóir meántéarmach nó ó chonair an choigeartaithe i dtreo an chuspóra sin, déanfar sásra ceartúcháin a chur i ngníomh go huathoibríoch. Áireofar mar chuid den sásra sin an oibleagáid a bheidh ar an bPáirtí Conarthach lena mbaineann bearta a chur chun feidhme chun na dialltaí a cheartú thar thréimhse shainithe ama.

2. Gabhfaidh éifeacht leis na rialacha a leagtar amach i mír 1 i ndlí náisiúnta na bPáirtithe Conarthacha bliain amháin, ar a dhéanaí, tar éis theacht i bhfeidhm an Chonartha seo trí fhorálacha a mbeidh feidhm cheangailteach acu agus ar de ghné bhuan iad, ar forálacha bunreachtúla de rogha iad, nó ar forálacha iad trína ráthófar ar shlí eile go n-urramófar iad go hiomlán agus go gcloífear leo go hiomlán ar fud na bpróiseas buiséadach náisiúnta. Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha an sásra ceartúcháin dá dtagraítear i mír 1(e) a chur ar bun ar an leibhéal náisiúnta ar bhonn prionsabal comhchoiteann a thogróidh an Coimisiún Eorpach, go háirithe maidir le cineál, méid agus creat ama na gníomhaíochta ceartaithí atá le déanamh, i gcás imthosca eisceachtúla freisin, agus maidir le ról agus le neamhspleáchas na n-institiúidí a bheidh freagrach ar an leibhéal náisiúnta as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha a leagtar amach i mír 1. Déanfar na sainchumais atá ag na Parlaimintí náisiúnta a urramú go hiomlán leis an sásra ceartúcháin sin.

3. Chun críocha an Airteagail seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach in Airteagal 2 den Phrótacal (Uimh. 12) maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach, atá i gceangal le Conarthaí an Aontais Eorpaigh.

Ina theannta sin, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas chun críocha an Airteagail seo:

(a) tagraítear le "comhardú struchtúrach bliantúil an rialtais ghinearálta" don chomhardú bliantúil, arna choigeartú go timthriallach, agus é glan ó bhearta aonuaire agus ó bhearta sealadacha;

(b) tagraítear le "imthosca eisceachtúla" d’imeacht neamhghnách lasmuigh de rialú an Pháirtí Chonarthaigh lena mbaineann a bhfuil mórthionchar aige ar riocht airgeadais an rialtais ghinearálta nó do thréimhsí géarthurnaimh eacnamaíoch mar a leagtar amach sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis athbhreithnithe, ar an gcoinníoll nach gcuirfear inbhuanaitheacht bhuiséadach i mbaol sa mheántéarma i ngeall ar dhiall sealadach an Pháirtí Chonarthaigh lena mbaineann.

AIRTEAGAL 4

Nuair is mó an cóimheas idir fiachas rialtais ghinearálta Páirtí Chonarthaigh agus a olltáirgeacht intíre ná an luach tagartha 60 % dá dtagraítear in Airteagal 1 den Phrótacal (Uimh. 12) maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach, atá i gceangal le Conarthaí an Aontais Eorpaigh, laghdóidh an Páirtí Conarthach sin é de réir meánráta aon fhichiú in aghaidh na bliana mar thagarmharc, mar a fhoráiltear in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nóis imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air, arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 1177/2011 ón gComhairle an 8 Samhain 2011. Is de réir an nóis imeachta a leagtar amach in Airteagal 126 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a dhéanfar cinneadh i dtaobh easnamh iomarcach a bheith ann mar gheall ar an sárú ar chritéar an fhiachais.

AIRTEAGAL 5

1. Aon pháirtí Conarthach atá faoi réir nóis imeachta um easnamh iomarcach faoi na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, cuirfidh sé clár um chomhpháirtíocht bhuiséadach agus eacnamaíoch ar bun, lena n-áirítear tuairisc mhionsonraithe ar na hathchóirithe struchtúracha nach mór a chur ar bun agus a chur chun feidhme chun ceartú éifeachtach buanseasmhach ar a easnamh iomarcach a áirithiú. Déanfar ábhar agus formáid clár den sórt sin a shainiú i ndlí an Aontais Eorpaigh. Is i gcomhthéacs na nósanna imeachta faireachais atá ann cheana faoin gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis a dhéanfar na cláir sin a thíolacadh chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh agus chuig an gCoimisiún Eorpach lena bhformhuiniú agus a dhéanfar faireachán orthu.

2. Déanfaidh Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach faireachán ar chur chun feidhme an chláir um chomhpháirtíocht bhuiséadach agus eacnamaíoch, agus ar na pleananna buiséadacha bliantúla a bheidh comhsheasmhach leis.

## AIRTEAGAL 6

D'fhonn an phleanáil maidir le heisiúint a bhfiachais náisiúnta a chomhordú níos fearr, déanfaidh na Páirtithe Conarthacha tuairisciú ex ante ar a bpleananna eisiúna fiachais phoiblí do Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus don Choimisiún Eorpach.

## AIRTEAGAL 7

Agus ceanglais nós imeachta na gConarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe á n-urramú go hiomlán acu, geallann na Páirtithe Conarthacha a bhfuil an euro mar airgeadra acu go dtacóidh siad leis na tograí nó leis na moltaí a thíolacfaidh an Coimisiún Eorpach i gcás ina measfaidh an Coimisiún Eorpach go bhfuil an critéar easnaimh a bheidh faoi chuimsiú nóis imeachta um easnamh iomarcach á shárú ag Ballstát den Aontas Eorpach a bhfuil an euro mar airgeadra aige. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid sin i gcás ina suífear i measc na bPáirtithe Conarthacha a bhfuil an euro mar airgeadra acu go bhfuil tromlach cáilithe díobh, arna ríomh de réir analaí le forálacha iomchuí na gConarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, gan seasamh an Pháirtí Chonarthaigh lena mbaineann a chur san áireamh, i gcoinne an chinnidh a thogrófar nó a mholfar.

AIRTEAGAL 8

1. Iarrtar ar an gCoimisiún Eorpach tuarascáil a thíolacadh, in am is i dtráth, do na Páirtithe Conarthacha faoi na forálacha a ghlac gach páirtí acu i gcomhlíonadh ar Airteagal 3(2). Más rud é, tar éis dó an deis a thabhairt don Pháirtí Conarthach lena mbaineann a bharúlacha a thíolacadh, go mbainfidh an Coimisiún Eorpach de thátal ina thuarascáil gur mhainnigh an Páirtí Conarthach sin Airteagal 3(2) a chomhlíonadh, tabharfaidh Páirtí Conarthach amháin nó níos mó an t-ábhar os comhair na Cúirte Breithiúnais. I gcás ina measfaidh Páirtí Conarthach, gan spleáchas do thuarascáil an Choimisiúin, gur mhainnigh Páirtí Conarthach eile Airteagal 3(2) a chomhlíonadh, féadfaidh sé freisin an t-ábhar a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais. Sa dá chás, beidh breithiúnas na Cúirte Breithiúnais ina cheangal ar na páirtithe sna himeachtaí agus déanfaidh na páirtithe sin na bearta is gá chun an breithiúnas a chomhlíonadh laistigh de thréimhse a chinnfidh an Chúirt Bhreithiúnais.

2. Más rud é, ar bhonn a mheasúnaithe féin nó ar bhonn measúnaithe a rinne an Coimisiún Eorpach, go measfaidh Páirtí Conarthach nach ndearna Páirtí Conarthach eile na bearta is gá chun breithiúnas na Cúirte Breithiúnais dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh, féadfaidh sé an cás a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais agus a iarraidh go ngearrfar smachtbhannaí airgeadais i gcomhréir le critéir arna mbunú ag an gCoimisiún Eorpach faoi chuimsiú Airteagal 260 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Má fhaigheann an Chúirt Bhreithiúnais nach bhfuil a breithiúnas comhlíonta ag an bPáirtí Conarthach lena mbaineann, féadfaidh sí cnapshuim nó íocaíocht phionósach is cuí sna himthosca agus nach mó ná 0.1 % dá olltáirgeacht intíre a ghearradh air. Beidh na méideanna a ghearrfar ar Pháirtí Conarthach a bhfuil an euro mar airgeadra aige iníoctha leis an Sásra Cobhsaíochta Eorpach. Is le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a dhéanfar íocaíochtaí i gcásanna eile.

3. Is éard atá san Airteagal seo comhaontú speisialta idir na Páirtithe Conarthacha de réir bhrí Airteagal 273 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

## TEIDEAL IV

## AN COMHORDÚ AR AN mBEARTAS EACNAMAÍOCH AGUS CÓINEASÚ

### AIRTEAGAL 9

Agus iad ag cur le comhordú an bheartais eacnamaíoch, mar a shainmhínítear sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh é, geallann na Páirtithe Conarthacha go n-oibreoidh siad i gcomhpháirt i dtreo beartais eacnamaíoch lena gcothaítear feidhmiú cuí an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta agus an fás eacnamaíoch trí chóineasú agus iomaíochas feabhsaithe. Chuige sin, déanfaidh na Páirtithe Conarthacha na gníomhaíochtaí agus na bearta is gá sna réimsí uile atá fíor-riachtanach d’fheidhmiú cuí an limistéir euro chun na cuspóirí a shaothrú arb éard iad an t-iomaíochas a chothú, an fhostaíocht a chur chun cinn, rannchuidiú tuilleadh le hinbhuanaitheacht bhreise an airgeadais phoiblí agus an chobhsaíocht airgeadais a athneartú.

## AIRTEAGAL 10

De réir cheanglais na gConarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, tá na Páirtithe Conarthacha ullamh i ngach cás inar cuí agus inar gá, chun leas gníomhach a bhaint as bearta is sonrach do na Ballstáit sin a bhfuil an euro mar airgeadra acu, dá bhforáiltear in Airteagal 136 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus as an gcomhar feabhsaithe dá bhforáiltear in Airteagal 20 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus in Airteagal 326 go hAirteagal 334 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le hábhair atá fíor-riachtanach d'fheidhmiú cuí an limistéir euro, gan an bonn a bhaint den mhargadh inmheánach.

## AIRTEAGAL 11

D'fhonn dea-chleachtais a thagarmharcáil agus oibriú i dtreo beartais eacnamaíoch a bheidh comhordaithe ar bhealach níos dlúithe, áirithíonn na Páirtithe Conarthacha go bpléifear *ex ante* na mór-athchóirithe beartais eacnamaíoch go léir a mbeidh sé pleanáilte acu iad a dhéanamh agus, más cuí, go ndéanfar iad a chomhordú eatarthu féin. Beidh institiúidí an Aontais Eorpaigh rannpháirteach i gcomhordú den sórt sin mar a cheanglaítear le dlí an Aontais Eorpaigh.

## TEIDEAL V

## RIALACHAS AN LIMISTÉIR EURO

### AIRTEAGAL 12

1. Tiocfaidh Ceannairí Stáit nó Rialtais na bPáirtithe Conarthacha a bhfuil an euro mar airgeadra acu le chéile go neamhfhoirmiúil i gCruinnithe Mullaigh Euro, in éineacht le hUachtarán an Choimisiúin Eorpaigh. Iarrfar ar Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh páirt a ghlacadh i gcruinnithe den sórt sin.

Ceapfaidh Ceannairí Stáit nó Rialtais na bPáirtithe Conarthacha a bhfuil an euro mar airgeadra acu Uachtarán an Chruinnithe Mullaigh Euro trí thromlach simplí ag an am céanna a thoghfaidh an Chomhairle Eorpach a hUachtarán agus don tréimhse oifige chéanna.

2. Beidh Cruinnithe Mullaigh Euro ann nuair a bheidh gá leo, agus ar a laghad dhá uair in aghaidh na bliana, chun plé a dhéanamh ar cheisteanna maidir leis na freagrachtaí sonracha a chomhroinneann na Páirtithe Conarthacha a bhfuil an euro mar airgeadra acu i ndáil leis an airgeadra aonair, ar shaincheisteanna eile a bhainfidh le rialachas an limistéir euro agus leis na rialacha a mbeidh feidhm acu maidir leis, agus ar threoshuímh straitéiseacha chun beartais eacnamaíocha a sheoladh chun cur leis an gcóineasú sa limistéar euro.

3. Maidir le Ceannairí Stáit nó Rialtais na bPáirtithe Conarthacha seachas iad siúd a bhfuil an euro mar airgeadra acu, a mbeidh an Conradh seo daingnithe acu, glacfaidh siad páirt i bpléití Cruinnithe Mullaigh Euro a bhainfidh le hiomaíochas le haghaidh na bPáirtithe Conarthacha, le modhnú ar ollstruchtúr foriomlán an limistéir euro agus na rialacha bunúsacha a mbeidh feidhm acu maidir leis sa todhchaí agus, ina theannta sin, nuair is cuí agus uair in aghaidh na bliana ar a laghad, i bpléití maidir le saincheisteanna sonracha a bhainfidh le cur chun feidhme an Chonartha seo ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta.

4. Áiritheoidh Uachtarán an Chruinnithe Mullaigh Euro ullmhúchán agus leanúnachas na gCruinnithe Mullaigh Euro, i ndlúthchomhar le hUachtarán an Choimisiúin Eorpaigh. Is ar an nGrúpa Euro a chuirfear cúram ullmhúcháin na gCruinnithe Mullaigh Euro, maraon leis na bearta a leanfaidh astu, agus féadfar cuireadh a thabhairt dá Uachtarán freastal ar chruinnithe den sórt sin chun na críche sin.

5. Féadfar cuireadh a thabhairt d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa chun go n-éistfear leis nó léi. Déanfaidh Uachtarán an Chruinnithe Mullaigh Euro tuarascáil a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa tar éis gach ceann de na Cruinnithe Mullaigh Euro.

6. Coimeádfaidh Uachtarán an Chruinnithe Mullaigh Euro na Páirtithe Conarthacha seachas iad siúd a bhfuil an euro mar airgeadra acu agus Ballstáit eile an Aontais Eorpaigh ar an eolas go mion maidir le hullmhúchán na gCruinnithe Mullaigh Euro agus maidir leis na torthaí a bheidh orthu.

AIRTEAGAL 13

Faoi mar a fhoráiltear i dTeideal II den Phrótacal (Uimh. 1) maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach atá i gceangal le Conarthaí an Aontais Eorpaigh, déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus Parlaimintí náisiúnta na bPáirtithe Conarthacha i gcomhar le chéile eagrú agus cur chun cinn comhdhála d'ionadaithe choistí iomchuí Pharlaimint na hEorpa agus d'ionadaithe choistí iomchuí na bParlaimintí náisiúnta, chun plé a dhéanamh ar bheartais bhuiséadacha agus saincheisteanna eile a chumhdaítear leis an gConradh seo.

TEIDEAL VI

FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

AIRTEAGAL 14

1. Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha daingniú ar an gConradh seo i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach. Taiscfear na hionstraimí daingniúcháin le hArdrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh ("an Taiscí").

2. Tiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 2013, ar choinníoll go mbeidh a n-ionstraim daingniúcháin taiscthe ag dhá Pháirtí Chonarthacha dhéag a bhfuil an euro mar airgeadra acu, nó ar an gcéad lá den mhí tar éis do Pháirtí Conarthach a bhfuil an euro mar airgeadra aige an dóú hionstraim daingniúcháin déag a thaisceadh, cibé acu is luaithe.

3. Beidh feidhm ag an gConradh seo amhail ón dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm i measc na bPáirtithe Conarthacha a bhfuil an euro mar airgeadra acu agus a dhaingnigh é. Beidh feidhm aige maidir leis na Páirtithe Conarthacha eile a bhfuil an euro mar airgeadra acu amhail ón gcéad lá den mhí i ndiaidh thaisceadh a n-ionstraime daingniúcháin faoi seach.

4. De mhaolú ar mhír 3 agus ar mhír 5, beidh feidhm ag Teideal V maidir leis na Páirtithe Conarthacha uile lena mbaineann ón dáta a thiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm.

5. Beidh feidhm ag an gConradh seo maidir leis na Páirtithe Conarthacha a bhfuil maolú acu, mar a shainmhínítear é in Airteagal 139(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, nó a bhfuil díolúine acu, dá dtagraítear sa Phrótacal (Uimh. 16) maidir le forálacha áirithe a bhaineann leis an Danmhairg atá i gceangal le Conarthaí an Aontais Eorpaigh, agus ar Páirtithe iad a dhaingnigh an Conradh seo, amhail ón dáta a thiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm lena ndéantar an maolú nó an díolúine sin a aisghairm, mura rud é go ndearbhóidh an Páirtí Conarthach lena mbaineann go bhfuil sé ar intinn aige a bheith faoi cheangal ar dháta is luaithe ná sin ag na forálacha go léir i dTeideal III agus i dTeideal IV den Chonradh seo, nó ag cuid de na forálacha sin.

AIRTEAGAL 15

Beidh an Conradh seo ar oscailt le haghaidh aontachas Ballstát den Aontas Eorpach seachas na Páirtithe Conarthacha. Beidh éifeacht leis an aontachas ar an ionstraim aontachais a thaisceadh leis an Taiscí agus tabharfaidh an Taiscí fógra ina thaobh sin do na Páirtithe Conarthacha eile. Tar éis a fhíoraithe ag na Páirtithe Conarthacha, déanfar téacs an Chonartha seo i dteanga oifigiúil an Bhallstáit aontaigh, ar teanga oifigiúil agus teanga oibre d'institiúidí an Aontais í freisin, a thaisceadh i gcartlann an Taiscí mar théacs údarásach den Chonradh seo.

AIRTEAGAL 16

Faoi cheann cúig bliana ar a mhéid tar éis don Chonradh seo teacht i bhfeidhm, ar bhonn measúnú ar an taithí a fuarthas óna chur chun feidhme, déanfar na bearta is gá, de réir an Chonartha ar an Aontas Eorpach agus an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus é d'aidhm leo substaint an Chonartha seo a chorprú i gcreat dlíthiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an dara lá seo de Mhárta sa bhliain dhá mhíle is a dó dhéag.

Tarraingíodh an Conradh seo suas i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag na téacsanna i ngach ceann de na teangacha sin, agus taiscfear é i gcartlann an Taiscí agus déanfaidh an Taiscí cóip dheimhnithe a tharchur chuig gach ceann de na Páirtithe Conarthacha.